Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2012–2013

# Eolaíocht: Teastas Singil

## Aonad 1 (Bitheolaíocht)

## Bonnsraith

**[GSS11]**

GSS11

**DÉ LUAIN 27 FEABHRA 2012**
**9.30 am–10.30 am**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist.


**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **7(a)**.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| **Marc Iomlán** | |

**LEATHANACH BÁN**

**1** Anseo thíos tá biashlabhra nach bhfuil comhlánaithe cionn is nach bhfuil na saigheada ann.







**féar** **coinín** **sionnach**

**(a)** **(i)** Cuir na saigheada isteach leis an bhiashlabhra a chomhlánú. [1]

**(ii)** Cad é a léiríonn na saigheada i mbiashlabhra?

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Ainmnigh an táirgeoir sa bhiashlabhra seo.

_______________________________________________ [1]

**(iv)** Cad é an fhoinse fuinnimh do gach biashlabhra?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Léiríonn an tábla seo thíos líon na gcoiníní agus líon na sionnach i gcoill thar thréimhse 3 bliana.

| | **Bliain** | | |
|---|---|---|---|
| | 1ú | 2ú | 3ú |
| coiníní | 200 | 300 | 600 |
| sionnaigh | 4 | 2 | 0 |

Mínigh cad é mar a bheadh an laghdú ar líon na sionnach ina chúis leis an mhéadú ar líon na gcoiníní.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna Athmharc

2 **(a)** Anseo thíos tá neamhoird itheacháin agus na héifeachtaí a bhíonn acu.

**(i)** Úsáid línte le gach neamhord a cheangal le héifeacht **amháin** a bhíonn aige ar dhaoine a bhfuil sé orthu.

| **Neamhord itheacháin** | **Éifeacht ar dhaoine** |
| --- | --- |
| | Éiríonn siad murtallach |
| Búilime | Déanann siad ragús itheacháin agus tugann siad orthu féin a chur amach |
| Anoireicse | Itheann siad fíorbheagán bia agus éiríonn siad tanaí |

[2]

**(ii)** Is post é mainicíneacht a bhfuil an líon daoine a bhfuil neamhoird itheacháin orthu os cionn an mheáin. Cad chuige sin, dar leat?

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Seachas mainicíneacht, luaigh post eile a mbeadh neamhoird itheacháin ar chuid mhór de na daoine a dhéanann an post sin.

_______________________________________________ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


**(b)** Taispeánann an tábla seo thíos an méid saille atá i gceithre chineál d'éisc.

| Cineál | Saill/g |
|---|---|
| cadóga | 8 |
| sairdíní | 14 |
| scadáin leasaithe | 11 |
| trosc | 1 |

**(i)** Ar an eagnach seo thíos:

1. comhlánaigh an scála ar an Y ais.

2. tarraing **barrachairt** don fhaisnéis. [3]




**(ii)** Ainmnigh an cineál éisc ba chóir do dhuine atá ag iarraidh meáchan a chailleadh a ithe. Mínigh do rogha.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

3 **(a)** Taispeánann an tábla seo thíos faisnéis ar mhodhanna áirithe frithghiniúna. Agus tic (✔) in úsáid agat, comhlánaigh an tábla le ráiteas amháin a thabhairt faoi gach modh.

Tá an céad cheann déanta cheana féin.

| Modh frithghiniúna | Buan | Cuireann sé cosc le galair ghnéas-tarchurtha | Athraíonn sé leibhéil na hormón |
|---|---|---|---|
| aimridiú mná | ✔ | | |
| coiscíní | | | |
| piollaire frithghiniúnach | | | |

[2]

**(b)** **(i)** Comhlánaigh na habairtí seo thíos.

Roghnaigh ó:

**ceirbheacs** **ubhaducht** **speirm**

**uirí** **toirchiú** **próstatach**

Tá aimridiú mná buan cionn is go ngearrtar an ________________.

Fágann sé seo nach dtagann ubhán (ubh) agus ________________

le chéile agus nach dtarlaíonn ________________ . [3]

**(ii)** Luaigh **dhá** fháth nach bhfuil daoine áirithe i bhfách le frithghiniúint.

1. ________________________________________________

________________________________________________

2. ________________________________________________

________________________________________________ [2]

Scrúdaitheoir Amháin


| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann na ceisteanna ar aghaidh ar an chéad leathanach eile)**


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Pictiúir de mhíolta agus de dheilfeanna atá anseo thíos.




*© Hebridean Whale and Dolphin Trust*

**(a)** Bain úsáid as an eochair rangaithe seo thíos leis na hainmhithe **1**, **2**, **3** agus **4** a ainmniú.




1 ______________________________

2 ______________________________

3 ______________________________

4 ______________________________

[3]

**(b) (i)** Comhlánaigh an abairt seo thíos.

Roghnaigh ó:

**boscaí** **gnéithe** **aiste bia** **grúpaí** **ceantair**

Is é atá i gceist le rangú ná speicis a chur i ______________

difriúla de réir ______________ atá acu. [2]

**(ii)** Luaigh fáth **amháin** a ndéanann eolaithe orgánaigh a rangú.

________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

5 **(a)** Ainmnigh **dhá** bhall den chorp a bhíonn ag feidhmiú mar bhac ar mhiocróib (miocrorgánaigh).

______________________________________________________________________

_____________________________________________________________________ [2]

**(b)** Léiríonn na ráitis seo thíos na céimeanna atá i gceist sa chóras imdhíonachta le daoine a chosaint ar mhiocróib, ach **níl** siad san ord ceart.

**A** – greamaíonn antasubstaintí le hantaiginí na miocrób.

**B** – téann miocróib isteach san fhuil

**C** – tagann miocróib le chéile ina dtom

**D** – 'itear' na miocróib

**E** – táirgeann na fuilchealla bána antasubstaintí

Úsáid na litreacha **A**, **B**, **C**, **D** agus **E** leis na céimeanna a chur san ord ceart.

Tá an chéad cheann déanta cheana féin.

__**B**__ ______ ______ ______ ______ [2]

**(c)** Tá rubella (an bhruitíneach dhearg) ar Shinéad. Luaigh fáth amháin nár thug an dochtúir antaibheathaigh di.

______________________________________________________________________

_____________________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**6** Síológa an phlanda biolar atá sa phictiúr seo thíos.




*© Jerome Wexler/Science Photo Library*

**(a)** Ainmnigh agus mínigh ina iomláine an próiseas a thugann ar na síológa a bheith ag cromadh ar leataobh.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(b)** Is í fótaisintéis an próiseas a fhágann go dtig le plandaí bia a dhéanamh.

Scríobh an chothromóid focal d'fhótaisintéis sa bhosca seo thíos.

| |
|---|
| |

[3]


**(c)** Ainmnigh próiseas a dhéanann plandaí agus ainmhithe **araon** agus luaigh an fheidhm atá leis.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** **(a)** Pictiúr d'arán agus de ghrán rósta atá anseo thíos.



Cuir síos ar thurgnamh lena fháil amach cén ceann den dá bhia seo a bhfuil an méid is mó fuinneamh ann. Tá an fearas coiteann saotharlainne uilig, ar a n-áirítear teirmiméadair agus promhadáin fiuchta, ar fáil. Ba chóir duit a léiriú sa fhreagra cad é a dhéanfaidh tú le torthaí bailí (triail chothrom) agus iontaofa a fháil.

**Measúnófar thú ar chaighdeán na cumarsáide scríofa agus ar úsáid na dtéarmaí eolaíochta sa cheist seo.**

[6]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**(b)** Caithfidh dochtúir a shocrú cén ceann de thrí bhranda dhifriúla d'fhorlíonta iarainn (A, B nó C) a thabharfaidh sé do na hothair aige. Bhailigh sé fíricí ar gach ceann de na brandaí agus tá na torthaí sa tábla seo thíos.

**Eochair**
Ard = 3
Íseal = 1

| Branda | Líon na n-éifeachtaí | Fadhbanna slogtha | Costas an aonaid |
|---|---|---|---|
| A | 3 | 3 | 2 |
| B | 3 | 2 | 3 |
| C | 2 | 1 | 3 |

**(i)** Déan anailís ar na fíricí do gach branda agus luaigh cén ceann acu ba chóir dó a thabhairt do na hothair. Déan tagairt do gach branda leis an rogha agat a mhíniú ina hiomláine.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________


_______________________________________________ [3]

**(ii)** Luaigh fíric **amháin** eile faoi gach branda ba chóir dó a chur san áireamh sula ndéanann sé cinneadh.

_______________________________________________ [1]

8 **(a)** Taispeánann an bharrachairt an líon othar ar tháinig MRSA orthu in ospidéal idir Iúil 1985 agus Deireadh Fómhair 1987. Bhí antaibheathaigh mar chuid den chóir leighis acu.






*Source: National Institutes of Health*

**(i)** Cá huair, dar leat, a thosaigh an t-ospidéal ar bhearta a chur i bhfeidhm le leathadh MRSA a rialú? Mínigh an freagra.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Cén fhianaise sa ghraf a thugann le fios go bhfuil baictéir MRSA frithsheasmhach in éadan antaibheathach?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** **(i)** Ar cheann de na bearta le leathadh MRSA a rialú, cuirtear othair a bhfuil sé orthu i mbardaí ar leithligh. Cad chuige, dar leat, nach n-úsáidtear an modh seo go forleathan in ospidéil?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Seachas na hothair a chur i mbardaí ar leithligh, cuir síos ar bheart **amháin** a rialaíonn leathadh MRSA agus mínigh cad chuige a bhfuil sé éifeachtach.


_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(c)** Is é is cúis le MRSA ná cineál de bhaictéar craicinn a éiríonn frithsheasmhach in éadan antaibheathach. Taispeánann an léaráid seo thíos cad é mar a tharlódh sé seo.




Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin lena mhíniú cad é mar a d'éirigh pobal na mbaictéar craicinn frithsheasmhach.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.